Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 7

# Oifig an Aire Airgeadais

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachtas I gcomparáid leis suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí capital a sholáthar in 2017, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2016, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le geílleadh a iarchur.

Ullmhaíodh an cuntas de réir Meastacháin Athbhreithnithe 2017 le haghaidh Oifig an Aire Airgeadais.

Dlitear barrachas €7.2 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Stoc agus sócmhainní caipitiúla***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Athchóirithe (Vóta 11), a gcuid stoc. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháilteariad ar bhonn líon na foirne sna ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní i ndáil le troscán agus feistis agus trealamh oifige a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní i ndáil le trealamh TF a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. D'ainneoin aon rud thuasluaite, cheannaigh an Roinn Airgeadais sócmhainní áirithe ó shin 2012 a bhí chun a húsáide eisiachaí agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo siúd.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus ag feidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht athabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhróinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don roinn seo.

Is é seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistithe agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Liósteáladh aon conradh le luach €28,110 ar mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Tá achoimre gearr don chonradh leagtha amach thíos:

In éagmais Creat comhaontaithe Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), tá soláthraí seirbhísí aistriúcháin fostaitheagan roinn chun seirbhísí aistriúcháin theicniúla a sholáthar. Tá Oifigeach Soláthair na roinne ag plé leis an OSR faoi láthair maidir le soláthraí / soláthraithe seirbhíse aistriúcháin eachtrannacha a sholáthar agus chun a chinntiú go gcloítear leis an ardchaighdéain aistriúchán ar dhoiciméid theicniúla.

***Rioscaí Suntasacha Airgeadais***

Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann don Vóta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go n-úsáideann an roinn seirbhísí fheidhm iniúchta inmheánaigh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi théarmaí comhaontaithe leibhéil seirbhíse idir an dá roinn. Feidhmíonn Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chairt scríofa a faomhadh ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíonn tionchar ag anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil (a ullmhaítear i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta agus a cheadaítear agamsa) bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánach go tréimhsiúil agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil.Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh i rialaithe a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

28 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Airgeadais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2018

# Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Beartas eacnamaíocha agus fioscach | | 19,734 | 18,864 | 15,841 |
| B | Beartas baincéireachta agus seirbhísí airgeadais | | 11,800 | 8,061 | 6,762 |
| C | Seachadadh seirbhíse comhroinnte | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 9,271 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 227 | 9,498 | 7,049 | 8,635 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 40,805 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 227 | **41,032** | **33,974** | **31,238** |
| | *Lúide* | | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,335** | **1,440** | **2,271** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 39,470 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 227 | | | |
| | | | **39,697** | **32,534** | **28,967** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasuithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn chun iad a chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 7,162,688 | 10,626,805 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (227,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **7,162,688** | **10,399,805** |

**Derek Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

28 Márta 2018

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 13,310 | 9,689 |
| Pá | | 17,410 | 16,627 |
| Neamhphá | | 3,254 | 4,922 |
| **Ollchaiteachas** | | **33,974** | **31,238** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,440** | **2,271** |
| **Glanchaiteachas** | | **32,534** | **28,967** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (147) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | | |
| Dímheas | 232 | | |
| | | 86 | (705) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (460) | | |
| Méadú ar stoc | (5) | | |
| | | (465) | (149) |
| **Caiteachas díreach** | | **32,155** | **28,113** |
| | | | |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 13,456 | 12,005 |
| Meas chíosanna | | 979 | 979 |
| **Costas chláir ghlan** | | **46,590** | **41,097** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Seirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, ganchostais na seirbhísí roinnte a cionroinneadh ar Vótaí eile san áireamh.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | — | 7 |
| Vóta 11 An Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirthe | m | 245 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 13,323 | 11,755 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 713 | 600 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 35 | 32 |
| Lárchiste - pinsin na nAirí | | 225 | 224 |
| | | 14,541 | 12,618 |
| Costas cionroinnte tacaíochta saoráidí agus cuntasaíochta do Vótaí eile | m | (1,085) | (613) |
| | | **13,456** | **12,005** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **543** | **629** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 2,130 | 1,097 |
| Stoic | 2.4 | 22 | 17 |
| Réamhíocaíochtaí | | 337 | 328 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 186 | 136 |
| Ioncam fabhraithe | | 736 | 270 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,411** | **1,848** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 352 | 337 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 850 | 834 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 1,466 | 399 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,668** | **1,570** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 743 | 278 |
| **Glansócmhainní** | | **1,286** | **907** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,286** | **907** |

### 2.1 Cuntas um maoiniú stáit

| | Nóta | €000 | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 907 | 579 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 39,470 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | 227 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (7,163) | | |
| Vóta glan | | | 32,534 | 28,967 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 13,456 | 12,005 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | | | — | (908) |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitil | | | — | 382 |
| Míreanna neamhairgid – dímheas | 1 | | 979 | 979 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (46,590) | (41,097) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,286** | **907** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 498 | 5,555 | 2,471 | 8,525 |
| Breiseanna | 36 | 67 | 44 | 147 |
| Diúscairtí [a] | — | (4,040) | (1,983) | (6,023) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 534 | 1,582 | 532 | 2,649 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 284 | 5,257 | 2,354 | 7,896 |
| Dímheas don bhliain | 64 | 130 | 38 | 232 |
| Dímheas ar dhiúscairtí [a] | — | (4,040) | (1,982) | (6,022) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | 348 | 1,347 | 410 | 2,106 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **186** | **235** | **122** | **543** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 214 | 298 | 117 | 629 |

[a] Mar pháirt don tionscadal uasghrádú tine agus athleictrithe a chuireadh i mbun i dTithe an Rialtais agus a curtha i gcrích insan ceathrú chuid 2 do 2017, chuir an Aonad Bainistíochta Saoráidí i mbun chun trálaeireacht a dhéanamh ar shóchmhainní caipitil leis an dearcadh le maoinithe sócmhainní ón gclár sóchmhainní a measadh go gcuireadh chun iad a scriosadh toisc go raibh siad as feidhm nó nach raibh siad oiriúnacht don fheidhm.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 2,056 | 1,096 |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | 74 | 1 |
| | **2,130** | **1,097** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Stáiseanóireacht | 8 | 12 |
| Ábhair inchaite TF | 14 | 5 |
| | **22** | **17** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 56 | 37 |
| Óinchistí taistil | 2 | — |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 114 | 92 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 14 | 7 |
| | **186** | **136** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 308 | 302 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 191 | 176 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 29 | 53 |
| Cáin Bhreisluacha | 5 | 21 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 68 | 67 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 2 | 2 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 69 | 75 |
| | 672 | 696 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 94 | 94 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 74 | 1 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 10 | 43 |
| | **850** | **834** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 7,163 | 10,400 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 227 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (5,697) | (10,228) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **1,466** | **399** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,130 | 1,097 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 186 | 136 |
| | 2,316 | 1,233 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (672) | (696) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (178) | (138) |
| | (850) | (834) |
| | **1,466** | **399** |

## 2.8 Ceangaltais

Ní raibh ann aon cheangaltais ann ag 31 Nollaig 2017.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **14** | **4** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur i láthair.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 18,000 | 17,410 | 16,627 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 816 | 672 | 595 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,114 | 990 | 750 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 354 | 358 | 317 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,526 | 783 | 1,279 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,984 | 451 | 1,982 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 50 | — | — |
| | | **23,844** | **20,664** | **21,550** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: €1.5 milliún, toradh: €0.8 milliún

Do bhí gannchaitheamh don €0.7 milliún ar chaitheachas ar thionscadail chaipitil agus ar sheirbhisí TF seachtracha de bharr go raibh na tionscadal chaipitiúil a bhaineann le seachadadh na sheirbhísí comhroinnte a bhí buiséadú déanta ach níor tharla siad i rith na bliana.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €1.9 milliún, toradh: €0.5 milliún

Do bhí islú do €1.4 milliún ar chaitheachas trealamh oifige ar thionscadail chaipitil de bharr go raibh na tionscadal chaipitiúil a bhaineann le seachadadh na sheirbhísí comhroinnte a bhí buiséadú déanta ach níor tharla siad i rith na bliana.

## Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 7,157 | 6,658 | 5,970 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 972 | 874 | 967 |
| A.3 | Coistí agus coimisiúin | 370 | 277 | 320 |
| A.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 1,235 | 1,602 | 727 |
| A.5 | Deontas breosla | 10,000 | 9,453 | 7,857 |
| | | **19,734** | **18,864** | **15,841** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €0.8 milliún ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €0.7 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus iarmhéid an difríochta de €0.1 milliún de bharr seo a leanas go príomha:

*A.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile*

Soláthair mheastacháin: €1.2 milliún, toradh: €1.6 milliún

Bhí an méadú ar chaiteachas de € 0.4 milliún i gcomparáid leis an soláthar a mheastar de bharr na brúnna caiteachais a ghabhann leis na gcostaisI dlí a bhaineann le cás maoiniú stáit líomhnanta. Fuaireadh virement ceadaithe maidir leis an méadú seo.

*A.5 Deontas breosla*

Soláthair mheastacháin: €10 milliún, toradh: €9.4 milliún

Bhí an deontas breosla seirbhís an chéad seirbhís a chuireadh san áireamh sa Vóta Airgeadais i 2016. Insan Vóta 2017 soláthraíodh suim airgid €10 milliún don deontas breosla faoi Scéim na dTiománaithe agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (Léasaithe Cánach). I dtosach, mheas an Roinn go ndéanfaí meán deontas do €730 do thart ar 13,700 éilitheoir lena n-áireofaí tiománaithe, paisinéirí agus eagraíochtaí. Íocadh an fíor thoradh do €9.453 milliún le 13,321 éilitheoirí agus ba é €704 an meán-dheontas.

## Clár B Polasaí Baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 5,567 | 5,433 | 5,379 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 927 | 693 | 654 |
| B.3 | Coistí agus coimisiúin | 20 | 11 | 17 |
| B.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 5,285 | 1,924 | 712 |
| B.5 | Oifig an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean | 1 | — | — |
| | | **11,800** | **8,061** | **6,762** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €3.7 milliún ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €0.4 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus mhínigh sé cheana féin agus bhí an t-iarmhéid ar an athrú de € 3.3 milliún de bharr na nithe seo a leanas:

*B.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile*

Soláthair mheastacháin: €5.3 milliún, toradh: €1.9 milliún

Do bhí an easnamh insan caiteachais de € 3.4 milliún i gcomparáid leis an soláthar a mheastar de bharr bealach an fho-cheannteidil seo, ní féidir an clár oibre a thomhas go cinnte agus caithfidh na buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun gur féidir leis na haonaid go léir dul i ngleic le saincheisteanna mar a thagann siad chun cinn. Ba é an phríomh-thiománaí an coigilteas seo ná an Chomhairleach Roinn Scairshealbhóirí Airgeadais nuair a d'eascair coigilteas de thart ar € 2.2 milliún maidir leis an mbuiséad le haghaidh dlíthíochta agus gníomhaíocht idirbheartaíochta.

D'eascair coigiltis freisin ar roinnt tionscadal sa Roinn Baincéireachta inar chuir roinnt fachtóirí, mar shampla an obair a chríochnú in-tí, leis an toradh níos ísle.

## Clár C Seachadadh Seirbhísí Comhroinnte

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán – pá | 5,276 | 5,319 | 5,279 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 3,945 | 1,687 | 3,300 |
| C.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 50 | 43 | 56 |
| | | **9,271** | **7,049** | **8,635** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár C € 2.2 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil. Bhain sé seo le caiteachas riaracháin agus tá sé mínithe cheana féin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 500 | 601 | 1,365 |
| 2 | Ilghnéitheach | 100 | 103 | 120 |
| 3 | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 735 | 736 | 786 |
| | **Iomlán** | **1,335** | **1,440** | **2,271** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasuithe i gcabhair de réir an mheastacháin, ach amháin:

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

1 *Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta*

Soláthair mheastacháin: €0.5 milliún, toradh: €0.6 milliún

Bhí an méadú € 0.1 milliún mar thoradh ar na cúpálacha buiséadaithe 2017 a bhí leagtha síos ag leibhéal stuama toisc nach bhféadfaí tuar agus méid an chéanna a thuar le cinnteacht tráth na meastacháin a ullmhú.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Bailithe | 1 | 3 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (1) | (3) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **—** | **—** |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | **310** | **290** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 15,633 | 15,183 |
| Iomarcaíocht | 72 | — |
| Liúntais do dhualgais arda, speisialta nó bhreise | 99 | 98 |
| Liúntais eile | 273 | 121 |
| Ragobair | 159 | 159 |
| ÁSPC fhostóra | 1,174 | 1,066 |
| **Pá iomlán** [a] | **17,410** | **16,627** |

[a] Dáiltear an figiúr iomlán pá i measc fho-cheannteidil A.1, B.1 agus C.1.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2017** | **2016** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 14 | 5 | 22,626 | 11,937 |
| Liúntais eile | 95 | 4 | 79,109 | — |
| Ragobair | 54 | 6 | 23,268 | 22,069 |
| Saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 14 | 8 | 33,596 | 25,549 |

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €157,805 maidir le 3 oifigeach a bhí ag freastal lasmuigh den Roinn go léir nó cuid de 2017 agus bhí an Roinn ag íoc na tuarastal.

Áirítear leis an bhfigiúr pá €72,357 a íoctar i leith íocaíochtaí iomarcaíochta agus pá scarúna do thriúr ball foirne a bhí fostaithe in Oifig an tAire.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €51,830 (10 cás) (2016: €37,428 (12 cás). As é sin tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €8,045.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Feidhmeanna an chórais bhaincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) uimh. 115 ó 2010. Rinneadh an tarmligean seo a aisghairm le feidhm ó 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. uimh. 395 ó 2011 agus ó shin i leith tá aonad baincéireachta GBCN ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais. Faoi threoir an Aire, bíonn freastal á dhéanamh i gcónaí ag an GBCN ar chostais an aonaid, costais a chuimsíonn costais fhoirne agus costais chomhairleachta áirithe.

## 6.2 Coistí agus coimisiúin

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa[a] | 11 | 17 |
| Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe[b] | 277 | 320 |
| | **288** | **337** |

[a] Is í feidhm reachtúil an Choiste (faoi Alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997) ná comhairle a thabhairt i dtaca le:

- feabhas a chur ar bhainistíocht na gcomhar creidmheasa
- cosaint an leasa comhaltaí agus creidiúnaithe chomhair chreidmheasa agus
- nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a n-iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó cibé daoine eile a shonróidh an tAire, ó am go ham a lorg ar mhodh comhairle ón gCoiste.

[b] Gníomhaíonn Bord Míochaine Achomharc na dTiománaithe faoi Mhíchumas mar chomhlachas achomhairc do na hiarrthóirí sin ar diúltaíodh teastas míochaine príomhúla dóibh ag oifigeach sinsearach míochaine i dtaca le Scéim na dTiománaithe faoi Mhíchumas agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (Lámhaltais Chánach). Bunaíodh an Bord i 1989.

## 6.3 Íocaíochtaí eile

Tá dlíthíocht ar bun maidir le Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc. (CÉRB) agus Permanent TSB (PTSB). Tá na caingne sin á gcosaint faoi láthair agus, ar an mbonn sin, ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha lena mbaineann.

Soláthraíodh cosaintí tríú páirtí áirithe (i bhfoirm barántaí agus slánaíochtaí) i dtaca le díol Irish Life Limited, diúscairt nótaí caipitil theagmhasaigh Bhanc na hÉireann, diúscairt na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus leachtú na CÉRB.

## 6.4 Cúiteamh agus costais dlí

| | 2017 | | | | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dhlíthiúla arna n-íoc ag an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dhlíthiúla arna ndámhachtain | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh a rinne baill den phobal | 1 | — | — | 526 | 526 | — |

## Aguisín A Cuntais do comhlachtaí faoi choimirce Oifig an Aire Airgeadais

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail deireadh Mhárta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste na rinne | Tréimhse Chuntasaíochta Dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Banc Ceannais na hÉireann | 2016 | 14 Már 17 | 10 Aib 17 | 3 Bealt 17 |
| Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Incháilithe Dliteanas) | 2016 | 19 Noll 17 | 19 Noll 17 | 18 Ean 18 |
| Ciste an Comhar Creidmheasa | 2016 | 28 Meith 17 | 29 Meith 17 | 4 Iúil 17 |
| An Bord Athchóiriú Comhar Creidmheasa | 2016 | 28 Iúil 17 | 16 Lún 17 | 16 Lún 17 |
| Cuntais Airgeadais | 2016 | 28 Meith 17 | 28 Meith 17 | 26 Iúil 17 |
| An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean | 2016 | 28 M. Fómh 17 | 29 M Fómh 17 | 29 Samh 17 |
| Cuntas Ciste na hEastáit Maoniú. | 2016 | 3 D Fómh 17 | 3 D Fómh 17 | 4 D Fómh 17 |
| Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann | 2016 | 24 Már 17 | 30 Már 17 | 27 Meith 17 |
| Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann | 2016 | 30 Meith 17 | 17 Iúil 17 | 20 Iúil 17 |
| Cuntais Iasachtaí Áitiúla | 2016 | 24 Samh 17 | 24 Samh 17 | 19 Noll 17 |
| Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíochta Sócmhainní | 2016 | 28 Aib 17 | 17 Bealt 17 | 1 Meith 17 |
| Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 2016 | 12 Bealt 17 | 25 Bealt 17 | 10 Iúil 17 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 2016 | 13 Aib 17 | 23 Bealt 17 | 6 Meith 17 |
| Cuntas Taisce Airgid Saol | 2016 | 21 Samh 17 | 21 Samh 17 | 4 Noll 17 |